**Cosain:** cúiseanna bailí nó fianaise bhailí a thabhairt chun tacú le freagra nó le conclúid

**Cruthaigh:** an topaic atá le déanamh a phróiseáil agus foirm a thabhairt di ach úsáid a bhaint as modhanna agus ábhar roghnaithe agus/nó foirm nua a thabhairt don ábhar a úsáidtear

**Cuir i bhfeidhm:** faisnéis agus/nó eolas agus tuiscint a roghnú agus a úsáid chun cás tugtha nó fíorchúinsí a mhíniú

**Cuir in iúl:** comharthaí amhairc-ghothacha, comharthaí béil nó comharthaí eile a úsáid chun brí a roinnt nó chun faisnéis a mhalartú; idirghníomhú idir an seoltóir agus an faighteoir; oibríonn an bheirt le chéile le go mbainfear tuiscint amach

**Fiosraigh:** smaoineamh nó labhairt faoi rud éigin chun tuilleadh eolais a fháil ina leith

**Forbair:** athrú trí thaithí

**Iniúch:** breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí nua

**Léirigh (Cuir in iúl):** rud a thabhairt chun cuimhne go soiléir agus go cinnte trí úsáid a bhaint as cur síos nó samhlaíocht

**Léirigh:** samplaí a úsáid chun cur síos ar rud éigin

### Briathra Gníomh:

**Léirthuiscint a bheith ag... do...:** brí a aithint, tuiscint phraiticiúil a bheith aige do rud

**Meas:** cuimhneamh go cúramach faoi rud éigin, sular ndéanfar cinneadh faoi go hiondúil

**Measúnaigh:** (breithiúnas eiticiúil) fianaise a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le breithiúnas; srianta fianaise i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi na smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

**Meastóireacht a dhéanamh:** (sonraí) sonraí a bhailiú agus a scrúdú chun breithiúnais agus breithmheas a dhéanamh; cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a dtacaíonn nó nach dtacaíonn fianaise le conclúid i bhfiosrúchán nó in iniúchadh; srianta sonraí i gconclúidí a shainaithint; breithiúnais a dhéanamh faoi smaointe, faoi réitigh nó faoi mhodhanna

**Mínigh:** mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna

**Pléigh:** athbhreithniú tomhaiste cothrom a thabhairt a chuimsíonn réimse argóintí, tosca, nó hipitéisí: tacaítear le tuairimí nó conclúidí le fianaise chuí

**Sainaithin:** patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair

**Táirg:** rud a dhéanamh as gnéithe nó as amhábhair

**Tiomsaigh:** forbairt de réir a chéile

**Tuig:** corpas dea-eagraithe eolais a bheith aige agus an t-eolas sin a chur i bhfeidhm

**Úsáid:** leas praiticiúil nó éifeachtach a bhaint as rud

CC BY NC

# Ag Cabhrú le Turas Dearaidh



Roinn Teicneolaíocht Adhmaid,
Coláiste an Aonaigh,
An tAonach,
Co. Thiobraid Árann

## Dearcadh na Múinteoirí:

Cad é?

Cén fáth?

Cén chaoi?

Cad iad na cineálacha cuir chuige a úsáideann tú chun cabhrú le scoláirí ar thuras dearaidh?



In bhur n-aonar

4 nóiméad

Féach ar an bhfíseán

Déan machnamh ar do chleachtas

# Treoir Dhearaidh a Iniúchadh

## Treoir Dhearaidh:

*Déan painéal maisiúil maircíneachta a dhearadh agus a thógáil a léiríonn an áit arb as tú, a thugann an baile i do cheann, nó a léiríonn d'ábhair spéise.*




## Gníomhaíocht:

Déan do smaointeoireacht a dhoiciméadú agus tú ag iniúchadh na hachoimre dearaidh.





Sula dtosóidh tú, cad é a chabhródh le scoláirí agus iad ag iniúchadh treoir dhearaidh?

Gníomhaíocht Aonair


5 nóiméad

Lth. 3

# 'Mo Threoir Dhearaidh' Acmhainn




Roinnt ceisteanna a d'fhéadfá a úsáid chun cabhrú leat smaoineamh...



FIONNADH

TAIGHDE – Ar lorg eolas nua

Smaoinigh go leathan

CÉN FÁTH?

Cén fáth a bhfuil an fhadhb seo ann? Cén fáth a bhfuil réiteach de dhíth?

Cén fáth nár réitíodh í cheana féin?

Cén fáth ar dearadh agus ar tógadh mar sin é?

CAD É?

Cad é faoi a gcaithfidh níos mó eolais a bheith agat?

Cad é a fheidhm atá leis? Cé na fadhbanna atá ann?

Cad iad na réitigh eile atá ann? An bhfuil siad éifeachtach?

Cad iad na hábhair agus na comhpháirteanna a bhíonn in úsáid faoi láthair?

CÉN UAIR?

Cén uair a úsáidtear é?

An féidir é a úsáid ag am difriúil, agus feidhm eile leis?

CÉN ÁIT?

Cén áit a n-úsáidtear é? An féidir é a úsáid ag áit eile agus feidhm eile leis?

Cén áit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil? An bhfuil foinsí eile ann?

CÉ?

Cé a úsáideann an táirge, seirbhís nó córas seo agus cad iad na riachtanais atá acu?

An bhfuil fáthanna ann nach féidir le níos mó daoine é a úsáid nó a bheith ag plé leis?

An bhfuil úsáideoirí sásta leis? Más amhlaidh, cén dóigh? Murab amhlaidh cén fáth?

CONAS?

Conas a oibríonn sé? Conas a dhéantar é? Conas a rialaítear é?

An bhfuil ábhair, comhpháirteanna agus próisis eile ann a thiocfadh a úsáid chun teacht ar réiteach?

Conas a thiocfadh liomsa réiteach níos fearr a cheapadh?

Leideanna chun... Taighde níos fearr a dhéanamh

Cuir ceisteanna. Bí fiosrach. Bí oscailte i leith smaointe nua. Triail agus tástáil smaointe nua. .

Úsáid réimse leathan foinsí príomha agus tánaisteacha. Déan tagairt do do chuid foinsí agus ceistigh cé acu atá siad iontaofa.

Sceitseáil smaointe nó réitigh ar bith a thagann chugat is cuma a bhunúsaí a bhíonn siad. Baineann sé sin le do thionscadal ar fad.

Breathnaigh ar dhaoine agus tabhair do d'aire conas a úsáideann agus a aimsíonn siad na spásanna agus na táirgí sa domhan timpeall orthu.

Lth. 4

# Taighde a Dhéanamh

## Treoir Dhearaidh:

*Déan painéal maisiúil maircíneachta a dhearadh agus a thógáil a léiríonn an áit arb as tú, a thugann an baile i do cheann, nó a léiríonn d'ábhair spéise.*

## Gníomhaíocht Ghiúmarchláir:

Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar an achoimre dhearaidh, cruthaigh giúmarchlár le do chuid taighde chur in iúl.

Gníomhaíocht Aonair

10 nóiméad

Cruthaigh Giúmarchlár





2.2 faisnéis agus smaointeoireacht **a bhainistiú** chun tacú le próiseas dearaidh atriallach.

# Giúmarchlár – Critéir Ratha




Cad é a bheifeá ag lorg i ngiúmarchlár scoláire?




**Treoir Dhearaidh:**

*Déan painéal maisiúil maircíneachta a dhearadh agus a thógáil a léiríonn an áit arb as tú, a thugann an baile i do cheann, nó a léiríonn d'ábhair spéise.*


# Íomhánna a Thiomsú - Aipeanna Úsáideacha

Canva




Nasc teimpléid

PIC•COLLAGE




Íoslódáil an Aip

Freeform

Google Keep


Gníomhaíocht Aonair

10 nóiméad

Cruthaigh Giúmarchlár

2.2 faisnéis agus smaointeoireacht **a bhainistiú** chun tacú le próiseas dearaidh atriallach.

# Buntaighde – Plé










Cén chaoi a gcabhraíonn gníomhaíocht mar seo le turas dearaidh an scoláire?

Cad iad na buntáistí a bhaineann le taighde príomha a úsáid?

Pléigí agus roinnigí straitéisí a úsáideann sibh chun taighde príomha a chur chun cinn.




Plé

Roinn

# Giúmarchlár – Samplaí scoláirí














2.2 faisnéis agus smaointeoireacht **a bhainistiú** chun tacú le próiseas dearaidh atriallach.

# Scileanna Taighde – Machnamh na Scoláirí


Project: Fame picture
Skill: research
Picture/Sketch: •canva
What?... I put pictures on a powerpoint ~~powerpoint~~
So What?... not a lot could fit so I was limited
Now What?... I would lay out my pictures diffenceently so it would look better


Project: Frame Picture
Skill: Research (mood board)
Picture/Sketch: mood board
On powerpoint
What?... I learned how to make a mood board
So What?... Not a lot of pictures fit on it
Now What?... More primary research to show real life



Project: Frame Project
Skill: Research
Picture/Sketch: mood board
What?... i Learned how to do research in detail and create a mood board.
So What?... I need to pay more attention to what I like and what I do.
Now What?... I would take more primary research


Project: Frame project
Skill: Research
Picture/Sketch:
What?... I learned that my area is very inspirational
So What?... I'm very good at collecting primary research.
Now What?... I would take more time to get nicer pictures.






# Scileanna Taighde




*'Mar chuid den teagasc, den fhoghlaim agus de mheasúnú na dtorthaí foghlama do Theicneolaíocht Adhmaid, a bhíonn ar bun go leanúnach,* ***ba chóir go mbeadh deiseanna ag an scoláire chun scileanna taighde agus measúnaithe a fhorbairt a chabhróidh*** *leis tabhairt go fónta faoi Eolaíocht adhmaid inár dtimpeallacht.'*

*Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe*, leathanach 11.

# Smaointe Dearaidh a Cheapadh



Oide | **Teicneolaíocht Adhmaid:** *Painéal Maisiúil Mairciníneachta* | Ainm:____________________Rang: ________

**Smaointe Dearaidh a Cheapadh:** Ochtanna Mire - Gníomhaíocht Sceitseála Idéú Dearaidh

Cum roinnt smaointe dearaidh trí bhunsceitsí a tharraingt bunaithe ar do chuid taighde. Dhá nóiméad do gach rannán. Is féidir leat do chuid smaointe a bheachtú níos déanaí. Nuair a bheas do sceitsí déanta agat, cuir nótaí leo ag machnamh go criticiúil ar gach smaoineamh.

1. 2. 3. 4.

8. 7. 6. 5.

## Tasc Idéú Dearaidh:

Déan iniúchadh ar do chuid smaointe dearaidh ag úsáid mhearstraitéis idéú tapa na nOchtanna Mire, agus do chuid taighde in úsáid agat le haghaidh inspioráide.

Cad iad na critéir ratha a d'fhéadfaí a aontú le scoláirí sula dtabharfadh siad faoin tasc seo?

Gníomhaíocht Aonair

16 nóiméad










**2.6** sceitsí, líníochtaí agus samhlacha/ fréamhshamhlacha **a tháirgeadh** chun smaointe dearaidh a fhiosrú.

# Smaointe Dearaidh – Samplaí Scoláirí



# Machnamh ar Smaointe Dearaidh


Oide | Teicneolaíocht Adhmaid: *Painéal Maisiúil Maircíneachta* | Ainm:____________________Rang: ________

**Smaointe Dearaidh a Cheapadh:** Ochtanna Mire - Gníomhaíocht Sceitseála Idéú Dearaidh

Cum roinnt smaointe dearaidh trí bhunsceitsí a tharraingt bunaithe ar do chuid taighde. Dhá nóiméad do gach rannán. Is féidir leat do chuid smaointe a bheachtú níos déanaí. Nuair a bheas do sceitsí déanta agat, cuir nótaí leo ag machnamh go criticiúil ar gach smaoineamh.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | 2. | 3. | 4. |
| 8. | 7. | 6. | 5. |

## Tasc Idéú Dearaidh:

Machnamh criticiúil a dhéanamh ar do chuid smaointe dearaidh

Gníomhaíocht Aonair

5 nóiméad


Machnamh criticiúil

**Treoir Dhearaidh:**
*Déan painéal maisiúil maircíneachta a dhearadh agus a thógáil a léiríonn an áit arb as tú, a thugann an baile i do cheann, nó a léiríonn d'ábhair spéise.*



2.9 a réitigh **a fhorbairt** bunaithe ar mhachnamh criticiúil.

# Smaointe Dearaidh – Samplaí Scoláirí




**2.6** sceitsí, líníochtaí agus samhlacha/ fréamhshamhlacha **a tháirgeadh** chun smaointe dearaidh a fhiosrú.

**2.9** a réitigh **a fhorbairt** bunaithe ar mhachnamh criticiúil.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit – Nóta Eolais

Oide


Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí, 2022

Nóta eolais faoi
scrúduithe na Sraithe Sóisearaí
i raon ábhar

Márta, 2023


[Nóta Eolais]

*‘Ba chóir béim a leagan ar fhorbairt na scileanna sceitseála saorláimhe chun réitigh dearaidh a chur in iúl...*

*... ba chóir níos mó béime a leagan ar an gcur síos ar na cosaintí a bhaineann leis na cinntí dearaidh a rinneadh.*

*Nóta eolais faoiscrúduithe na Sraithe Sóisearaíi raon ábhar, Márta 2023*, leathanach 30.

# Smaointe Dearaidh a Cheapadh – Plé


**Teicneolaíocht Adhmaid:** *Painéal Maisiúil Maircíneachta* Ainm:____________________Rang: ________

**Smaointe Dearaidh a Cheapadh:** Ochtanna Mire - Gníomhaíocht Sceitseála Idéú Dearaidh

Cum roinnt smaointe dearaidh trí bhunsceitsí a tharraingt bunaithe ar do chuid taighde. Dhá nóiméad do gach rannán. Is féidir leat do chuid smaointe a bheachtú níos déanaí. Nuair a bheas do sceitsí déanta agat, cuir nótaí leo ag machnamh go criticiúil ar gach smaoineamh.

1. 2. 3. 4.

8. 7. 6. 5.

Cén chaoi a gcabhraíonn gníomhaíocht mar seo le turas dearaidh an scoláire?

Pléigí agus roinnigí straitéisí a úsáideann sibh chun tacú le bhur scoláirí smaointe dearaidh a cheapadh.

Plé Oscailte

Roinn

**Treoir Dhearaidh:**
*Déan painéal maisiúil maircíneachta a dhearadh agus a thógáil a léiríonn an áit arb as tú, a thugann an baile i do cheann, nó a léiríonn d'ábhair spéise.*



Oide

# Ag Cabhrú le Turas Dearaidh



Coláiste an Aonaigh,
An tAonach,
Co. Thiobraid Árann

## Dearcadh na Scoláirí:

Conas a chabhraigh na straitéisí a úsáideadh leis an scoláire san fhíseán lena dturas dearaidh?





In bhur n-aonar

2 nóiméad

Féach ar an bhfíseán

Déan machnamh ar do chleachtas

# Déanamh Samhaltán – Samplaí Scoláirí




Conas is féidir le déanamh samhaltán nó fréamhshamhaltú cabhrú le scoláirí ar thuras dearaidh?

Plé Oscailte

Roinn

**2.6** sceitsí, líníochtaí agus samhlacha/ fréamhshamhlacha **a tháirgeadh** chun smaointe dearaidh a fhiosrú.

**2.9** a réitigh **a fhorbairt** bunaithe ar mhachnamh criticiúil.

# Déanamh Samhaltán – Intarsia (Inleagadh Arabach Adhmaid)

Oide









# Déanamh samhaltán – Intarsia (Inleagadh Arabach Adhmaid)



# Teicneolaíocht Adhmaid - Príomhscileanna Dearaidh


An Roinn Oideachais agus Scileanna

**Sonraíocht Theicneolaíocht Adhmaid na Sraithe Sóisearaí**

*‘réimse príomhscileanna dearaidh agus scileanna láimhseála ábhartha a fhorbairt trí adhmad agus ábhair eile a mhúnlú agus a phróiseáil’*

*Sonraíocht Theicneolaíocht Adhmaid, Aidhm,* leathanach 5.

# Déanamh samhaltán / fréamhshamhaltú

## Cur Chuige na Roinne Ábhair:

Cad é?

Cén fáth?

Conas?



Roinn Teicneolaíochta Adhmaid,
Coláiste Choilm,
Baile an Chollaigh,
Co. Chorcaí.

Conas is féidir samhail a dhéanamh nó fréamhshamhaltú cabhrú le scoláirí ar thuras dearaidh?




In bhur n-aonar

3 nóiméad

Féach ar an bhfíseán

Déan machnamh & plé ar do chleachtas

# Smaointe Dearaidh a Bheachtú

Oide

**Treoir Dhearaidh:**

*Déan painéal maisiúil maircíneachta a dhearadh agus a thógáil a léiríonn an áit arb as tú, a thugann an baile i do cheann, nó a léiríonn d’ábhair spéise.*


Beachtaigh do chuid smaointe dearaidh chun réiteach deiridh a sceitseáil




Lth. 5

Gníomhaíocht Aonair

5 nóiméad


Sceitseáil do réiteach deiridh






Oide

# Machnamh mar chuid den Turas Dearaidh




Cén chaoi a bhfuil machnamh an scoláire mar chuid lárnach de thuras dearaidh?






Plé Oscailte






# Féinanailís agus Meastóireacht




*‘...ba chóir go mbeadh deiseanna ag an scoláire chun scileanna measúnaithe a fhorbairt a chabhróidh leis athbhreithniú a dhéanamh ar a chuid oibre/tascanna/déantúsán chun bonn eolais a chur faoi obair amach anseo...’*

*Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe*, leathanach 23.

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers


# Seisiún 3

*Ag fáil taithí ar eispéiris foghlama phraiticiúla bharántúla a fheabhsaíonn eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna*

CC BY NC

# Seiceáil Isteach Sláinte agus Sábháilteachta

Oide




***Guais:***

'Is éard is guais ann ná rud ar bith a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do dhaoine, do réadmhaoin nó don timpeallacht.'

***Riosca:***

'Ciallaíonn riosca an chosúlacht atá ann go ndéanfadh an ghuais díobháil do dhuine chomh maith le déine na díobhála a fhulaingítear.'

***Bearta Rialaithe:***

'Is iad rialúcháin/bearta rialúcháin na bearta cosanta a ghlactar chun a áirithiú go ndíchurfar nó go laghdófar an riosca.'

*An Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta.*
*Treoirlínte maidir le Bainistiú Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa in Iar-Bhunscoileanna,*
leathanach 14.

# Seiceáil Isteach Sláinte agus Sábháilteachta

Ócáid Seiceála Isteach Sláinte agus Sábháilteachta

| Mír / Gníomhaíocht: | | |
|---|---|---|
| **Guais(eacha):** Is é is guais ann aon rud a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh. | **Riosca(í):** Is é an riosca an dochar a d'fhéadfadh tarlú de bharr na guaise. | **Bearta Rialaithe:** Is iad na bearta rialaithe na réamhchúraimí a ghlactar lena chinntiú go ndéantar an riosca a dhíchur nó a laghdú. |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |



**Guais**

Sainaithin an ghuais

**Riosca**

Cén dochar a d'fhéadfadh an ghuais a dhéanamh?

**Bearta Rialaithe**

Cad iad na bearta rialaithe nó na réamhchúraimí a ba cheart a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go gcuirfí deireadh leis an riosca nó go laghdófaí é?

Gníomhaíocht Aonair

5 nóiméad

Pg. 6

**1.10** cleachtais aitheanta sláinte agus sábháilteachta **a chur i bhfeidhm** nuair a bhíonn uirlisí , trealamh agus ábhair in úsáid.

# Eispéireas Foghlama Praiticiúil

## Tasc Fíoraithe Tionscadail:

Féach ar an taispeántas maircíneachta.

Cruthaigh painéal maisiúil maircíneachta bunaithe ar do réiteach dearadh deiridh.




**1.9** prionsabail na sármhaitheasa ceardaíochta **a léiriú trí** thascanna agus déantáin a dhearadh agus a bhaint amach.



Féach ar an taispeántas




Tasc Praiticiúil

40 nóiméad

# Painéil Mhaircíneachta – Samplaí Scoláirí












**1.9** prionsabail na sármhaitheasa ceardaíochta **a léiriú trí** thascanna agus déantáin a dhearadh agus a bhaint amach.

**1.10** cleachtais aitheanta sláinte agus sábháilteachta **a chur i bhfeidhm** nuair a bhíonn uirlisí , trealamh agus ábhair in úsáid.

# Ag Machnamh ar do Scileanna

| Cad é? | Cad é faoi? | Cad é anois? |
|---|---|---|
| Cad é a d'fhoghlaim mé? | Cad é a insíonn sé seo dom faoi mo chuid láidreachtaí agus réimsí le feabhsú sa scil seo? | Cad é is féidir liom a dhéanamh chun feabhas a chur ar an scil seo? Cad iad mo spriocanna agus m’aidhmeanna chun bogadh ar aghaidh? |

**Tionscadal:**


**Scil:**

**Pictiúr/Sceitse:**

Cad é?...

Cad é faoi?...

Cad é anois?...





## Gníomhaíocht Mhachnaimh:

Déan machnamh ar do scileanna maircíneachta.

In bhur n-aonar







Conas is féidir le machnamh cabhrú le scoláirí ar thuras dearaidh?

Lth. 8

Oide

# Tacaí & Acmhainní Ceardaíocht Adhmaid







# Maircíneacht - Físeáin Taispeána

Oide


1. Teimpléad a Chruthú




2. Íomhá a Aistriú ar Adhmad



3. Fuinneog a Ghearradh



4. Fuinneog a Líonadh




5. An Painéal Maircíneachta a chomhlánú



6. Cóimeáil an Phainéil Maircíneachta



# Foghlaim a Ghabháil


1. Taispeánann an íomhá ar dheis uirlis a úsáidtear chun painéal maircíneachta a dhéanamh.

   (i) Ainmnigh an uirlis a thaispeántar.

   Ainm na hUirlise:

   (ii) Ainmnigh na codanna a bhfuil lipéad **A** agus **B** orthu ar an uirlis.

   A.

   B.

   (iii) Cruthaigh sceitse néata saorláimhe den uirlis sa spás a thugtar.

2. Tá sláinte agus sábháilteacht tábhachtach agus uirlisí á n-úsáid sa seomra Teicneolaíocht Adhmaid.

   (i) Tabhair cúis **amháin** go bhfuil sláinte agus sábháilteacht tábhachtach..

   (ii) Sainaithin an chuid den uirlis a d'fhéadfaí a áireamh ina guais sábháilteachta.

   (iii) Cuir síos ar riosca féideartha **amháin** agus an uirlis á húsáid agat.

   (iv) Luaigh **dhá** réamhchúram a ba chóir a dhéanamh agus an uirlis á húsáid.

   1.

   2.



Plé:

Cad é an **t-eolas**, **an tuiscint**, **na scileanna** agus **na luachanna** is féidir leis an scoláire a fhoghlaim trí phainéal maircíneachta a chruthú?

Cén cuir chuige a úsáideann tú chun cabhrú le do chuid scoláirí a gcuid foghlama a ghabháil?



Plé Oscailte

Machnaigh, Pléigh, Comhroinn

**Lth. 7**

Oide

# OFI go 2030 - Conas atá ag éirí linn?

Oide




*'OFI a leabú tuilleadh i gcuraclaim agus i gcláir ag gach leibhéal lena chinntiú go bhfaigheann foghlaimeoirí eolas, scileanna, luachanna agus meonta chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, a chur chun cinn agus gníomhú ar mhaithe leis an bhforbairt inbhuanaithe.'*

*Tosaíocht 2: Timpeallachtaí Foghlama a Athrú ó Bhonn,* leathanach 22.

Oide

# Cleachtas Inbhuanaithe - Conas atá ag éirí linn?

**Comhshaol agus inbhuanaitheacht**

Spreagann na torthaí foghlama sa ghné seo an scoláire le léirthuiscint a fháil do na buntáistí agus na tionchair chomhshaoil a bhaineann le húsáid adhmaid mar acmhainn nádúrtha agus in-athnuaite, agus chun cleachtas inbhuanaithe a úsáid ar fud a chuid foghlama. Fiosraíonn an scoláire ról an fhoraoisithe agus an adhmaid I dtéarmaí na héiceolaíochta agus inbhuanaitheachta áitiúla agus domhanda.

Teicneolaíocht Adhmaid
*Comhshaol agus inbhuanaitheacht*
forbhreathnú ghné

## Plé:

Conas a spreagann tú scoláirí chun cleachtas inbhuanaithe a úsáid sa seomra ranga?




Plé Oscailte

Machnaigh, Pléigh, Comhroinn

Oide

# Lorg Mo Thionscadail




## Gníomhaíocht Mhachnaimh:

Déan machnamh ar lorg comhshaoil do thionscadail chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh hinbhuanaithe is a bhí tú maidir le dearadh, úsáid ábhar, agus fíorú do thionscadail.

**2.3** **measúnú a dhéanamh** ar a dhul chun cinn féin chun bonn eolais a chur faoi fhoghlaim sa todhchaí.

**3.12** an tionchar a bhíonn ar an gcomhshaol nádúrtha nuair a bhíonn ábhair á bhfoinsiú **a mheas**

In bhur n-aonar

5 nóiméad

Machnaigh, measúnaigh, gabh

Oide Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí / Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Painéal Maisiúil Maircíneachta

**Grúpa ranga:** Scoláirí na chéad bhliana – Aibreán 2024

**Réamhfhoghlaim:**

Tá réimse beag tionscadal déanta ag na scoláirí le buneilimintí dhearadh-bhunaithe.

**Fócas na Foghlama:**

Scileanna a fhorbairt chun cabhrú le turas dearaidh an scoláire.

Scil cheardaíochta na maircíneachta a fhorbairt.

**Torthaí Foghlama:**

**2.2** faisnéis agus smaointeoireacht **a bhainistiú** chun tacú le próiseas dearaidh atriallach
**2.6** sceitsí, líníochtaí agus samhlacha/fréamhshamhlacha **a tháirgeadh** chun smaointe dearaidh a fhiosrú
**2.9** a réitigh **a fhorbairt** bunaithe ar mhachnamh criticiúil
**3.12** an tionchar a bhíonn ar an gcomhshaol nádúrtha nuair a bhíonn ábhair á bhfoinsiú **a mheas**
**1.10** cleachtais aitheanta sláinte agus sábháilteachta **a chur i bhfeidhm** nuair a bhíonn uirlisí, trealamh agus ábhair in úsáid
**1.9** prionsabail na sármhaitheasa ceardaíochta **a léiriú** trí thascanna agus déantáin a dhearadh agus a bhaint amach
**2.3 measúnú a dhéanamh** ar a dhul chun cinn féin chun bonn eolais a chur faoi fhoghlaim sa todhchaí

**Príomhfhoghlaim:**

- Measúnú a dhéanamh ar phríomhfhoinsí inspioráide chun painéal maircíneachta a chruthú.
- Sceitsí / fréamhshamhlacha a dhéanamh chun an próiseas smaoinimh a thaispeáint atá taobh thiar de smaoineamh dearaidh roghnaithe.
- Smaoineamh dearaidh roghnaithe bunaithe ar mhachnamh criticiúil a chosaint.
- A bhreithniú conas a théann foinsiú ábhar i bhfeidhm ar an timpeallacht nádúrtha.
- Plean cleachtais sábháilte a cheapadh chun déantáin a chur i gcrích.
- Scileanna adhmadóireachta Mairícneachta a léiriú agus tionscadal á chur i gcrích ar chaighdeán inghlactha comhaontaithe.
- Measúnú a dhéanamh ar gach céim de dhearadh agus de réadú déantáin chun bonn eolais a chur faoin bhfoghlaim amach anseo.

**Fianaise ar an bhfoghlaim:**

Conas is féidir le scoláirí dul i ngleic leis an **bPríomhfhoghlaim**?


- Dul i ngleic le próiseas dearaidh
- Treoir/fadhb a Iniúchadh
- Íomhánna príomha a thiomsú le haghaidh spreagthach ó fhoinsí príomha
- Sceitseáil bhunúsach chun smaointe dearaidh a iniúchadh
- Samhaltú/ Fréamhshamhaltú chun smaointe dearaidh a iniúchadh
- Smaointe a fhorbairt agus a bheachtú chun réiteach deiridh a chur in iúl
- Ócáid Seiceáil Isteach sláinte agus sábháilteachta
- Painéal maircíneachta a chruthú
- Deiseanna machnaimh le linn an turais dearaidh chun bonn eolais a chur faoin bhfoghlaim amach anseo


## Treoir Dhearaidh:

*Déan painéal maisiúil maircíneachta a dhearadh agus a thógáil a léiríonn an áit arb as tú, a thugann an baile i do cheann, nó a léiríonn d'ábhair spéise.*

Conas is féidir an **Príomhfhoghlaim** a mheas?

- Fianaise ar phríomhthaighde / Bord Giúmar
- Sceitsí bunúsacha (Póistíní, 8anna Mire )
- Ócáidí cleachtas machnaimh ar phóistíní
- Sceitsí smaointe dearaidh scagtha
- Bileoga oibre seiceáil isteach Sláinte agus Sábháilteachta
- Measúnú ar an bPainéal Maircíneachta críochnaithe
- Bileog oibre Lorg Mo Thionscadail
- Ócáid mhachnaimh ar Thuras Dul Chun Cinn Mo Chuid Scileanna




A chinntiú go bhfuil an measúnú ag teacht leis na Torthaí Foghlama roghnaitheagus a gcuid briathra gnímh.

# Fealsúnacht Dhearadh-Bhunaithe an Ábhair


An Roinn Oideachais agus Scileanna

Sonraíocht Theicneolaíocht Adhmaid na Sraithe Sóisearaí

*‘Trí na ndúshlán a bhaineann leis an* ***bhfealsúnacht atá bunaithe ar dhearadh****,*
*forbróidh an scoláire an t-eolas, na scileanna agus na luachanna ábhartha chun* ***smaointe a thabhairt ón mbunsmaoineamh go dtí cur I bhfeidhm****...*
*...ar bhealach a chuirfidh ar a chumas a bheith* ***bríomhar, cruthaitheach agus nuálach****.’*

*Sonraíocht Theicneolaíocht Adhmaid, Réasúnaíocht,* leathanach 4.

Oide

# Ag féachaint siar, seo na rudaí a rinne muid...

Breithniú ar ról an mhachnaimh agus na féinmheastóireachta mar chuid lárnach d'aistear foghlama an scoláire

Iniúchadh ar straitéisí chun cabhrú le scoláirí ar thuras dearaidh

Taithí faighte ar eispéiris foghlama phraiticiúla bharántúla a fheabhsaíonn eolas, tuiscint, scileanna agus luachanna

